Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 18

# An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

# Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar speansais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2018, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair.

(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2018 as leithreasuithe 2017 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €2.001 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is oifig reachtúil í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a bunaíodh ar 1 Eanáir 2018 faoin Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte 2017. Aistríodh gach sócmhainn agus dliteanais chuig an gcomhlacht nuabhunaithe státseirbhíse ar 1 Eanáir 2018. D'fheidhmigh na Seirbhísí Comhroinnte mar rannán ar leith laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh 1 Eanáir 2018.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Imlitir 24 de 2018 i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas seo á ullmhú, seachas sna cásanna seo a leanas:

***An bunús le táille a ghearradh ar sheirbhísí***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse i bhfeidhm dá seirbhísí AD agus dá seirbhís riaracháin pinsin. Dháil an muirear Seirbhísí Comhroinnte AD 2018 (Tobhach PeoplePoint) cuid de chostais oibríochta ar bhonn pro-rata i measc gach comhlacht san earnáil phoiblí ar ndearnadh freastal orthu (bunaithe ar an méid daoine atá fostaithe). Seasann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an chuid eile.

Is trí bhíthin an buiséad párolla a chosc ar bhunús atá neodrach don Státchiste an modh a ndéantar táille a ghearradh ar sheirbhísí comhroinnte párolla. De réir mar a thagann comhlachtaí san earnáil phoiblí ar bord do sheirbhísí comhroinnte párolla, cuirtear laghdú buiséid gaolmhar i bhfeidhm ar Vóta an chustaiméara. B'ionann an cosc párolla in 2018 agus €1.5 milliún.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialála airgeadais inmheánaigh***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas rialála inmheánach den éifeacht ar bun agus á fheidhmiú ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le cúrsaí airgeadais. Rinneadh an Oifig seo a bhunú mar chomhlacht státseirbhíse ar 1 Eanáir 2018. Ba ar bhonn riaracháin a bhí sí ann roimhe seo laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Oifigeach Cuntasaíochta. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialála airgeadais***

Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas.

- Tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmealta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca neamhspleách ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras inmheánach don rialáil airgeadais.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú.
- Tá Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais na Roinne Airgeadais ábhartha freisin ó tharla go gcuireann an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheart airgeadais ar fáil do Vóta 18 ar bhonn comhroinnte.

***Rialaithe riaracháin agus tuairiscíocht bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann na nithe seo a leanas

- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

Cinntíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Thuairiscigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i dtoradh 40/02 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste seacht gconradh a bhfuil luach caiteachais €451,758 leo nach raibh faoi réir phróiseas iomaíoch tairisceana. Chuimsigh siad meascán de sholáthraithe leagáide a fuarthas in oidhreacht ó ranna eile a bhfuiltear ag cur tairiscint isteach ina leith arís; agus conarthaí ina raibh sé ina bhuntáiste geilleagrach leanúint den obair chun í a chur i gcrích.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun. Feidhmíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairte i scríbhinn atá ceadaithe agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Tuarascálacha ráthaíochta ar rialuithe in eagraíocht seirbhíse***

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm agam chun ráthaíocht neamhspleách a chur ar fáil i leith rialuithe a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí arna gcur ar fáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Is iniúchóirí neamhspleácha a dhéanann na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) 'Tuarascáil Ráthaíochta ar Rialuithe in Eagraíocht Seirbhíse'. Tá dhá chineál tuarascáil ISAE 3402 ann:

- Cineál I atá leagtha amach chun tuairisciú a dhéanamh chuig ranna úsáideora agus a n-iniúchóirí maidir le cur síos agus leagan amach na rialaithe in eagraíocht seirbhíse, agus
- Cineál II a chuireann an dearbhú céanna ar fáil is a chuireann Cineál I ach a chuireann dearbhú ar fáil freisin gur baineadh na cuspóirí rialála amach agus gur cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach iad ar fud na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

Bhain seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna deimhniúchán ISAE Cineál II amach in 2019 bunaithe ar thástáil a cuireadh i gcrích in 2018. Rinneadh iniúchadh ISAE Cineál II ar sheirbhísí párolla in 2018. Áiríodh sa tuarascáil iniúchta ar sheirbhísí párolla eisceacht amháin a bhain le teip cearta rochtana ríomhaire de chuid bhall foirne a bhí ar scor a chur ar ceal.

***Saincheisteanna rialála airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

Mhol na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2018 ar na réimsí a bhain le ró-íocaíochtaí párolla, teicneolaíocht an eolais, calaois agus leochaileacht, taisteal agus cothabháil, aoisliúntas agus pinsin go ndéanfaí na rialuithe airgeadais inmheánaigh a fheabhsú. Tá na moltaí a rinne iniúchadh inmheánach maidir leis na rialuithe airgeadais inmheánaigh a fheabhsú á gcur i bhfeidhm ag an ONSC.

Aithníodh fadhb sa bhliain 2017 ina raibh íocaíochtaí á ndéanamh ar dhliteanais nach raibh aibithe go fóill chuig soláthraí aonair. Níor tabhaíodh aon chaillteanas airgeadais mar thoradh air sin. Is féidir liom a dheimhniú nár tháinig aon fhadhb den chineál sin chun cinn in 2018.

***Ró-íocaíochtaí***

Rinneadh ró-íocaíochtaí, a raibh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ina bunchúis leo, in 1,010 cás agus b'ionann a luach agus €974,316. Is ionann sin agus 22% de luach airgeadais na ró-íocaíochtaí go léir agus 22% de líon iomlán na gcásanna ró-íocaíochta.

Leanann an ONSC de dhul i ngleic le ró-íocaíochtaí a bhaineann leis an ONSC tríd an bpróiseas a fheabhsú agus uathoibriú chomh maith le tuairisciú agus monatóireacht ó bhliain go bliain a fheabhsú.

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

23 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2019

# Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Seirbhísí comhroinnte a sholáthar lena n-áirítear pearsanra, párolla agus seirbhísí riaracháin i ndáil le pinsean | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 48,759 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,429 | | | |
| | | | 50,188 | 46,802 | 40,081 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 48,759 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,429 | | | |
| | | | **50,188** | **46,802** | **40,081** |
| | *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,492** | **5,275** | **5,463** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 43,267 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,429 | | | |
| | | | **44,696** | **41,527** | **34,618** |

**Barrachas**

Tá barrachas an méid a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 3,168,962 | 10,555,610 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,168,000) | (1,429,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,000,962** | **9,126,610** |

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

27 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas chláir | | 12,793 | 9,661 |
| Pá | | 26,484 | 22,530 |
| Neamhphá | | 7,525 | 7,890 |
| **Ollchaiteachas** | | **46,802** | **40,081** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,275** | **5,463** |
| **Glanchaiteachas** | | **41,527** | **34,618** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead tirim) | (8,235) | | |
| Dímheas | 4,910 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 32 | | |
| | | (3,293) | (1,831) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,881 | | |
| Méadú ar stoc | (29) | | |
| | | 1,852 | (2,330) |
| **Caiteachas díreach** | | **40,086** | **30,457** |
| | | | |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (9,069) | (12,303) |
| Measchíosanna | | 445 | 423 |
| **Costas chláir ghlan** | | **31,462** | **18,577** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmara

Tá an méid glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 18 a tabhaíodh in áit éigin eile, agus de chostais a tabhaíodh i Vóta 18 maidir le Vótaí eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | 98 | 96 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 5 |
| Vóta 11 Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 820 | 598 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,689 | 907 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte le haghaidh vótaí eile | (11,676) | (13,909) |
| | **(9,069)** | **(12,303)** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 23,277 | 22,117 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 23,688 | 16,489 |
| Stoic | 2.4 | 29 | — |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 2,733 | 2,953 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,092 | 1,846 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 27,542 | 21,288 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 1,891 | 230 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 1,040 | 1,264 |
| Iarmhéideanna cliant i ndáil le maoiniú/réamh-íocaíochtaí | 2.9 | 22,963 | 17,127 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.8 | 777 | (56) |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | 26,671 | 18,565 |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 871 | 2,723 |
| **Glan-sócmhainní** | | **24,148** | **24,840** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **24,148** | **24,840** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 24,840 | 27,931 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 44,696 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,001) | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,168) | | |
| Vóta glan | | | 41,527 | 34,618 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | (9,069) | (12,303) |
| Míreanna neamh-airgid-coigeartú i ndáil sócmhainn caipitil | | | (2,133) | (7,252) |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | | | 445 | 423 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (31,462) | (18,577) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | | | **24,148** | **24,840** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh agus bogearraí TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsóchmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 25,565 | 545 | 77 | 9,948 | 36,135 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin [a] | 40 | 8 | 3 | (2,240) | (2,189) |
| Breiseanna | 252 | 16 | 2 | 7,965 | 8,235 |
| Diúscairtí | (1) | (39) | — | — | (40) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 25,856 | 530 | 82 | 15,673 | 42,141 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 13,725 | 233 | 60 | — | 14,018 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin [a] | (59) | 3 | — | — | (56) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1) | (7) | — | — | (8) |
| Dímheas don bhliain | 4,857 | 43 | 10 | — | 4,910 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | 18,522 | 272 | 70 | — | 18,864 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **7,334** | **258** | **12** | **15,673** | **23,277** |
| | | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 11,840 | 312 | 17 | 9,948 | 22,117 |

Nóta [a] Coigeartú chun costais a taifeadadh roimhe seo a cheartú a d'eascair as athbhreithniú cuimsitheach ar na sócmhainní ar fad.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Iarmhéid PMG | 725 | (643) |
| Cuntais bainc eile | 22,963 | 17,132 |
| | **23,688** | **16,489** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 27 | — |
| Tomhaltáin TE | 2 | — |
| | **29** | **—** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht/ceadúnais bogearraí | 1,947 | 2,092 |
| Cothabháil cruaearraí | 686 | 679 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 100 | 181 |
| | **2,733** | **2,953** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pas infhorchúitithe taistil | 102 | 93 |
| OOP | 499 | 809 |
| HRMS infhorchúitithe | 467 | 920 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 24 | 24 |
| | **1,092** | **1,846** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 253 | 302 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 263 | 308 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 411 | 340 |
| Cáin Bhreisluacha | 45 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 5 | 91 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 3 | 4 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 59 | 76 |
| | 1,039 | 1,121 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | — | 143 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 1 | — |
| | **1,040** | **1,264** |

## 2.8 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 2,001 | 9,127 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,168 | 1,429 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (2,392) | (10,612) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **777** | **(56)** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,688 | 16,489 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,092 | 1,846 |
| | 24,780 | 18,335 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,039) | (1,121) |
| Iarmhéideanna cliant i ndáil le maoiniú/réamh-íocaíochtaí | (22,963) | (17,127) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1) | (143) |
| | (24,003) | (18,391) |
| | **777** | **(56)** |

## 2.9 Cuntas bainc párolla cliantmhaoinithe

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte seirbhís comhroinnte párolla ar fáil do ranna/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. B'ionann an t-iarmhéid ag 31 Nollaig 2018 agus €22.963 milliún (2017: €17.127 milliún), agus tugann sin ar fad léiriú ar airgead arna lóisteáil ag na cliantoifigí sin chun maoiniú tuarastal a clúdach thar thréimhse na bliana nua.

D'eisigh an ONSC íocaíochtaí iomlána párolla arbh ionann iad agus €4.83 billiún sa bhliain 2018.

## 2.10 Tiomantais

**Tiomantais lán-chuimsitheacha**

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,743 | 2,190 |
| Tionscadail chaipitil | 12,501 | 24,680 |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **15,244** | **26,870** |

**Mórthionscadail chaipitil**

| | **Caiteachas carntha go dtí an 31 Nollaig 2017** | **Caiteachas i 2018** | **Tiomantais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán i ndáil le saolré ionchais an tionscadail i 2018** | **Caiteachas iomlán i ndáil le saolré ionchais an tionscadail i 2017** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí comhroinnte um bainistíocht airgeadais[a] | 12,324 | 7,965 | 12,501 | 32,790 | 28,481 |

Nóta [a] Tá costais FMSS 2017 go dtí seo chomh maith le costais saolré a bhaineann le hoibleagáidí caipitil ar conradh athluaite i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na costais a tabhaíodh go dtí seo agus atá geallta sna blianta ina dhiaidh sin. Is é tátal an athbhreithnithe go raibh suimeanna sna caiteachais agus sna tiomantais a tuairiscíodh an bhliain roimhe sin san áireamh nach raibh aon bhaint acu le caipiteal agus/nó nach raibh aon oibleagáidí conartha ag baint leo.

**Athrúcháin shuntasacha**

*Seirbhísí comhroinnte um bainistíocht airgeadais*

Bhain an méadú €4.309 milliún le hobair bhreise a theastaigh nach raibh sonraithe sna hoibleagáidí conartha ag 31 Nollaig 2017.

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana | 139 | 15 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 25,821 | 26,484 | 22,530 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 377 | 195 | 102 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,491 | 1,144 | 1,127 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 986 | 604 | 519 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 4,302 | 5,161 | 5,834 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 734 | 421 | 308 |
| | | **33,711** | **34,009** | **30,420** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*ii* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €377,000, toradh: €195,000

Bhí caiteachas i ndáil leis an mbliain 2018 48% faoin mbuiséad. Ba mar thoradh ar mhoill le tús a chur le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais den chuid is mó é sin. Ina theannta sin, is féidir leis a bheith deacair costais a mheas nuair nach bhfuil gnólachtaí an fhad sin i mbun feidhme.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €986,000, toradh: €604,000

Bhí gannchaiteachas ollmhór ann in 2018 mar go raibh moill ann na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais a chur beo.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar mheastacháin: €4.302 milliún, Toradh: €5.161 milliún

Ní raibh an buiséad TFC don bhliain 2018 leordhóthanach i ndáil le ceadúnais, tacaíocht agus íocaíochtaí cothabhála bliantúla 2018, a íocann an ONSC thar ceann na Státseirbhíse ar fad.

*vi* *Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige*

Soláthar measta: €734,000, Toradh: €421,000

Tá toradh 2018 faoin mbuiséad. Is mar gheall ar chostais níos ísle ná mar a bhí measta a tháinig chun cinn mar gheall ar bharaineachtaí scála ar fud láithreacha.

## Clár A Seirbhísí comhroinnte a sholáthar lena n-áirítear pearsanra, párolla agus seirbhísí riaracháin i ndáil le pinsean

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 25,821 | 26,484 | 22,530 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 7,890 | 7,525 | 7,890 |
| A.3 | Tionscadal PeoplePoint | | — | — | — |
| A.4 | Tionscadal seirbhísí comhroinnte párolla | | — | — | 2,147 |
| A.5 | Tionscadal seirbhísí comhroinnte um bainistíocht airgeadais | | | | |
| | *Bunaidh* | *15,048* | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | *1,429* | | | |
| | | | 16,477 | 12,793 | 7,514 |
| | | | **50,188** | **46,802** | **40,081** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3.386 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017). Bhí éagsúlacht ann mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

*A.5 Tionscadal seirbhísí comhroinnte um bainistíocht airgeadais*

Soláthar measta: €15.048 milliún , toradh: €12.793 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill mhór a bheith ag baint le roinnt gnéithe den tionscadal a fhorbairt, a leagan amach agus a rolladh amach a raibh easnamh caiteachais €3.684 milliún ann. Fadhb é seo a bhaineann le tráthúlacht a dhéanfar a ionsú thar thréimhse an tionscadail.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Tobhach PeoplePoint | 4,700 | 4,454 | 4,867 |
| 2. | Míreanna Ilghnéitheacha | 170 | 234 | 140 |
| 3. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 622 | 587 | 456 |
| | **Iomlán** | **5,492** | **5,275** | **5,463** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Bhí leithreasaí-i-gcabhair níos ísle ná mar a bhí tuartha, agus is éagsúlacht dhiúltach €217,000 a bhí i gceist.

*1.* *Tobhach PeoplePoint*

Soláthar measta: €4.7 milliún, toradh: €4.454 milliún

Bhí éagsúlacht dhiúltach €246,000 ag baint le tobhach PeoplePoint agus tháinig sin chun cinn de bharr go raibh comhlachtaí seirbhísí poiblí ag ceistiú suimeanna.

# Nóta 5 Foireann a Sholáthar agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **746** | **750** |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[a] | 26,177 | 22,315 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 77 | 30 |
| Liúntais eile | 20 | 33 |
| Ragobair | 297 | 250 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,267 | 1,890 |
| **Pá iomlán** | **28,838** | **24,518** |

Nóta [a] Tá pá faoi fho-cheannteidil faoi A.1 A.5 (2017: A.1, A.4 agus A.5) san áireamh san fhigiúr iomlán pá

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 26 | 1 | 31,194 | 23,546 |
| Liúntais eile | 7 | — | 7,509 | 9,474 |
| Ragobair | 283 | — | 8,169 | 8,741 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 13 | 1 | 10,117 | 6,252 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €124,454 i leith 166 duine aonair (2017: €114,681; 122 duine aonair). As sin, tá pleananna aisghabhálacha maidir le €57,323 de curtha i bhfeidhm maidir le 100 duine (2017: €34,553; 95 duine aonair).

San bhliain, rinneadh sé phlean aisghabhála maidir le ró-íocaíochtaí arbh fhiú €5,872 iad a aistriú chuig Ranna Rialtais eile.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí páirteach i Seirbhísí Comhroinnte ag 31 Nollaig 2018

| **Comhlacht seirbhíse poiblí** | **Seirbhísí Comhroinnte AD** | **Seirbhísí Comhroinnte Párolla** |
|---|---|---|
| An Garda Síochána | — | ✔ |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | ✔ | ✔ |
| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | ✔ | ✔ |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | — | ✔ |
| An tSeirbhís Chúirteanna | ✔ | ✔ |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | ✔ | ✔ |
| An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta | ✔ | ✔ |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | ✔ | ✔ |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil: | ✔ | ✔ |
| An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | ✔ | ✔ |
| An Roinn Cosanta | ✔ | ✔ |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | ✔ | ✔ |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí | ✔ | ✔ |
| An Roinn Airgeadais | ✔ | ✔ |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | ✔ | ✔ |
| An Roinn Sláinte | ✔ | ✔ |
| An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | ✔ | ✔ |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | ✔ | ✔ |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | ✔ | ✔ |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | ✔ | ✔ |
| Roinn an Taoisigh | ✔ | ✔ |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | ✔ | ✔ |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | ✔ | ✔ |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | — | ✔ |
| Comhoibriú Idirnáisiúnta | ✔ | ✔ |
| Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann | — | ✔ |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | ✔ | ✔ |
| Seirbhís Príosúin na hÉireann | — | ✔ |
| An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | — | ✔ |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | ✔ | ✔ |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | — | ✔ |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | ✔ | ✔ |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | — | ✔ |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | ✔ | ✔ |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | ✔ | ✔ |

| Comhlacht seirbhíse poiblí | Seirbhísí Comhroinnte AD | Seirbhísí Comhroinnte Párolla |
|---|---|---|
| Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | ✔ | ✔ |
| Oifig an Ard-Aighne | ✔ | ✔ |
| Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | ✔ | ✔ |
| Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | ✔ | ✔ |
| Oifig an Ombudsman | ✔ | ✔ |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | ✔ | ✔ |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | ✔ | ✔ |
| Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann | ✔ | — |
| An tÚdarás Póilíneachta | ✔ | ✔ |
| Teaghlachas an Uachtaráin | ✔ | ✔ |
| An tÚdarás Clárúcháin Maoine | ✔ | ✔ |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | ✔ | ✔ |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | ✔ | — |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | ✔ | ✔ |
| An tSaotharlann Stáit | ✔ | ✔ |
| An Coimisiún um Achomhairc Chánach | ✔ | ✔ |
| An Oifig Luachála | ✔ | ✔ |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | — | ✔ |